Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith curtha ar phainéal don phost seo a leanas ónar féidir folúntais Bhuana agus/nó Shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré an phainéil a líonadh:**

## ***BAINISTEOIR CÚNTA TIONSCADAIL***

**Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil:**

(i) Gnáthchéim bhaitsiléara ar a laghad (leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) i mbainistíocht foirgníochta, san innealtóireacht nó i ndisciplín gaolmhar a bhaineann leis an bpost a bheith acu;

**NÓ**

(ii) Gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) **AGUS** céim máistir iarchéime (leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) i mbainistíocht foirgníochta, san innealtóireacht nó i ndisciplín gaolmhar a bhaineann leis an bpost a bheith acu.

**AGUS**

(iii) Ar an lá is déanaí a ghlacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe, ní mór d'iarrthóirí:

(a) Ar a laghad **dhá bhliain de thaithí shásúil** a bheith acu a bhaineann leis an ról tar éis dóibh an cháilíocht dá dtagraítear thuas a bhaint amach.

(b) Ardchaighdeán oiliúna agus taithí teicniúla a bheith acu a oireann do chineál an róil, lena n-áirítear taithí riaracháin.

(c) Eolas sásúil a bheith acu ar eagrú seirbhíse poiblí nó cumas acu eolas den sórt sin a fháil.

**Ba chóir d'iarratasóirí, ar dháta an iarratais, ceadúnas bailí iomlán neamhfhormhuinithe Éireannach/AE a bheith acu, le haghaidh feithiclí Aicme B, nó ceadúnas atá inghlactha ag SNCT le haghaidh aistrithe go ceadúnas iomlán Éireannach,**

**Tuarastal: €47,770 - €74,068**

Féadfaidh sé go gcuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil leis an bhfoirm iarratais.

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí maidir leis an bpost seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.galway.ie, nó is féidir iad a fháil ach dul i dteagmháil leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Uimhir Theileafóin; 091 509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie.

**4.00p.m. ar an 7 Bealtaine 2026** is ea an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a leagan isteach.

**E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí.**
**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**